Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022
(OR. en)

9260/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0080(COD)**

CODEC 734
MI 403
ENT 69
ENV 447
PE 53

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann le leathnú chumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 18 go dtí an 19 Bealtaine 2022) |

## I. RÉAMHRÁ

An 11 Bealtaine 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Sa chomhthéacs sin, tar éis don seisiún iomlánach formheas a dhéanamh, an 18 Bealtaine 2022, ar iarraidh sin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia déanamh de réir Riail 163 (nós imeachta práinne), thíolaic an Coiste seo an togra leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin. Níor cuireadh aon leasuithe i láthair.

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 19 Bealtaine 2022 trí dhul I gceannas ar an togra ón gCoimisiún. Tá an seasamh sin le fáil ina rún reachtach.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun deiridh don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P9_TA(2022)0210

## Rialachán (AE) 2016/1628: Leathnú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann le leathnú chumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (COM(2022)0113 – C9-0119/2022 – 2022/0080(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0113),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0119/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Bealtaine 2022[1],

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 11 Bealtaine 2022 chun seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P9_TC1-COD(2022)0080**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Bealtaine 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1628 a mhéid a bhaineann le leathnú chumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

2 Tuairim an 18 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar síos forálacha fíor-riachtanacha maidir le hastaíochtaí ó thruailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus maidir le cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, agus tugtar cumhacht don Choimisiún leis an Rialachán seo sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe áirithe a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe. Le hAirteagal 55(2) den Rialachán sin tugadh an chumhacht sin don Choimisiún ar feadh tréimhse theoranta cúig bliana. Chuaigh an tréimhse sin in éag an 6 Deireadh Fómhair 2021. Is gá cuid de nagníomhartha tarmligthe a thabhairt cothrom le dáta chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh agus chun gnéithe eile a thabhairt isteach i gcomhréir leis an gcumhachtú, lena n-áirítear i ndáil le gníomh tarmligthe lena leagtar síos ceanglais a bhaineann le faireachán inseirbhíse ar innill dócháin inmheánaigh a shuiteáiltear in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Ba cheart é a bheith indéanta freisin gníomhartha tarmligthe nua a ghlacadh i gcomhréir leis an gcumhachtú. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an gcumhachtú a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le féideartacht síntí breise a chur leis sin.

---

4 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1628 a leasú dá réir sin.

(3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2016/1628, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2), in Airteagal 24(11), in Airteagal 25(4), in Airteagal 26(6), in Airteagal 34(9), in Airteagal 42(4), in Airteagal 43(5) agus in Airteagal 48 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse deich mbliana ón 6 Deireadh Fómhair 2016. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 6 Eanáir 2026 agus naoi mí roimh dheireadh gach tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar síneadh a chur le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí cúig bliana, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle in aghaidh síneadh den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |